Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann
Food Safety Authority of Ireland

# Leabhrán Faisnéise d'Iarrthóirí

## Léigh go cúramach le do thoil

Tá Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann (FSAI) ag tabhairt faoi chomórtas chun iarrthóir oiriúnach a shainaithint lena cheapadh sa phost seo a leanas:

# Príomh-Speisialtóir, Eolaíocht agus Teicneolaíocht Bia

An Malartán, Duga Sheoirse, An tIonad Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais, Baile Átha Cliath

D01 P2V6

Spriocdháta chun iarratais chomhlánaithe a fháil: **Meán oíche, Dé Domhnach, 21 Nollaig 2025.**

# Cur Síos ar an bPost

**TEIDEAL** Príomh-Speisialtóir, Eolaíocht agus Teicneolaíocht Bia

**AG TUAIRISCIÚ DO** Stiúrthóir, Eolaíocht agus Caighdeáin Bhia

## Timpeallacht Poist

Gníomhaireacht reachtúil, neamhspleách agus bunaithe ar eolaíocht is ea Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann (FSAI), atá tiomanta don tsláinte phoiblí agus do leasanna tomhaltóirí a chosaint sa réimse a bhaineann le sábháilteacht agus sláinteachas bia.
Is muidne rialtóir neamhspleách na hÉireann agus an t-údarás inniúil chun reachtaíocht sábháilteachta bia a fhorfheidhmiú. Dírímid ar chultúr sábháilteachta bia a thógáil, sábháilteacht bia a fheabhsú laistigh de chreat anailíse riosca agus córas rialaithe sábháilteachta bia láidir a threorú agus ag an am céanna leanúint de bheith ag tiomáint sármhaitheasa eagraíochtúil.

Tá an FSAI freagrach as forfheidhmiú dhlí an bhia in Éirinn a bhaineann le sábháilteacht bia, lipéadú agus éilimh ar bhia chomh maith le caighdeáin áirithe maidir le comhdhéanamh bia. Tá beagnach gach dlí bia comhchuibhithe ar leibhéal Eorpach agus is é an Coimisiún Eorpach a thionscnaíonn é agus a fhorbraíonn é i gcomhairle leis na Ballstáit. Tá an Roinn Sláinte agus an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara freagrach as beartas na hÉireann a leagan síos maidir le dlí bia, agus ar an gcaoi sin ionchur náisiúnta i bhforbairt dhlí bia ar leibhéal na hEorpa a chomhordú agus reachtaíocht náisiúnta a achtú chun gníomhartha reachtacha Eorpacha a thabhairt i bhfeidhm.

Cuirimid comhairle beartais ar fáil don Rialtas maidir le ceanglais an dlí bia agus forbraímid treoirlínte comhlíonta mionsonraithe do ghnólachtaí bia chun a chinntiú go n-urramaítear an caighdeán is airde sábháilteachta agus sláinteachais bia. Cinntímid freisin go gcuirtear dlí bia i bhfeidhm go comhsheasmhach trí chóras gan uaim de ghníomhaíochtaí rialaithe bia a chomhordú go caighdeán ard comhaontaithe tríd ár gcomhpháirtithe Gníomhaireachta Oifigiúla.

Déanann Bord arna cheapadh ag an Aire Sláinte maoirseacht ar obair agus ar rialachas an FSAI agus faighimid comhairle ó Choiste Eolaíochta d'eolaithe neamhspleácha agus ó Chomhairle Chomhairleach um Shábháilteacht Bia de gheallsealbhóirí.

## An Duine

Is post sinsearach in FSAI é an Príomh-Speisialtóir Eolaíochta agus Teicneolaíochta Bia a thacaíonn leis an Stiúrthóir Eolaíochta agus Caighdeán Bia agus leis an bhFoireann Cheannaireachta Sinsearach. Ba chóir go mbeadh an duine a cheapfar ina shaineolaí aitheanta ag piaraí i ngné amháin nó níos mó de réimse na heolaíochta agus na teicneolaíochta bia. Mar sin féin, beidh ar an iarrthóir idéalach a bheith solúbtha agus inoiriúnaithe chun déileáil le saincheisteanna sábháilteachta agus comhlíontachta bia nach dtagann faoina réimse saineolais amháin ach a chuimsíonn réimsí nua ina bhféadfadh gá dóibh saineolas a fhorbairt. Dá bhrí sin, ba chóir dóibh a bheith ina n-eolaí féinspreagtha a bhfuil taithí shuntasach eolaíochta agus ceannaireachta acu agus líonra náisiúnta agus idirnáisiúnta eolaithe sinsearacha atá ag obair ina réimse. Beidh an duine idéalach go maith ag an gcumarsáid agus ina imreoir foirne, dírithe ar a bhfoireann a fhorbairt agus comhoibriú le comhghleacaithe laistigh agus lasmuigh den FSAI. Ba chóir go mbeidís in ann smaoineamh go straitéiseach agus an t-eolas sin a thabhairt isteach i bhforbairt chuspóirí straitéiseacha na heagraíochta.

## Cuspóir an Phoist

Beidh an Príomh-Speisialtóir i gceannas, i mbainistiú agus i bhforbairt fhoireann eolaithe chun clár oibre a dhearadh, a phleanáil agus a chur i bhfeidhm i gcomhar le chéile atá dírithe ar shábháilteacht bia a fheabhsú. Áirítear leis an ról lárnach freagracht as measúnuithe sábháilteachta agus comhlíontachta bianna núíosacha agus orgánach géinmhodhnaithe chomh maith le ceannaireacht a dhéanamh ar ghníomhaíocht measúnaithe rioscaí atá ag teacht chun cinn de chuid FSAI. Mar sin féin, tá an ról leathan agus clúdaíonn sé freagracht as gníomhaíochtaí eile a bhaineann le heolaíocht agus teicneolaíocht bia e.g. modheolaíocht braite calaoise bia, measúnú riosca ailléirginí bia, sábháilteacht agus comhlíonadh ábhar pacáistíochta, áiseanna próiseála bia. Leathnófar an obair chun cabhrú le gnólachtaí bia cloí le gnéithe teicniúla an dlí ábhartha bia, lena n-áirítear comhairle maidir le cur i bhfeidhm rialuithe oifigiúla áirithe ag comhpháirtithe Gníomhaireachtaí Oifigiúla.

Táthar ag súil go gcoimeádfaidh an Príomh-Speisialtóir feasacht agus eolas mionsonraithe, nuair is iomchuí, ar threochtaí atá ag teacht chun cinn in eolaíocht agus i dteicneolaíocht an bhia agus is é/í an phríomhfhoinse comhairle eolaíche agus teicniúla laistigh den FSAI ar na saincheisteanna seo, lena n-áirítear reachtaíocht Eorpach agus Náisiúnta a thagann faoina réimse saineolais. Tacóidh an Sealbhóir Poist le Coiste Eolaíochta FSAI chun tuairimí neamhspleácha maidir le sábháilteacht bia a fhorbairt chun tacú le hobair an Údaráis agus tógfaidh sé/sí dea-chaidreamh oibre le raon leathan geallsealbhóirí agus páirtithe leasmhara go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta araon.

Mar cheannaire sinsearach, cuirfidh an Príomh-Speisialtóir le forbairt eagraíochtúil agus rialachas níos leithne an FSAI agus na foirne Eolaíochta Bia agus Caighdeán araon. Áirítear leis an ról freisin tacú leis an bhFoireann Cheannaireachta Shinsearach agus comhoibriú ar fud ranna FSAI chun cabhrú le cuspóirí straitéiseacha na heagraíochta a chur i gcrích agus iad a bhaint amach.

## Príomhfhreagrachtaí

**Ceannaireacht Straitéiseach & Rialachas**

- Comhairle a chur ar Stiúrthóir na hEolaíochta Bia agus na gCaighdeán agus ar an bhFoireann Cheannaireachta Shinsearach maidir le straitéisí agus tionscadail chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sábháilteachta bia a eascraíonn as forbairtí in eolaíocht agus i dteicneolaíocht bia.
- Rannchuidiú suntasach a dhéanamh le cuspóirí straitéiseacha agus freagrachtaí rialachais FSAI a bhaint amach.

**Rannpháirtíocht Sheachtrach & Ionadaíocht**

- Ionadaíocht a dhéanamh ar an FSAI i bhfóraim náisiúnta agus idirnáisiúnta, ag cinntiú go gcuirtear seasamh an Údaráis in iúl agus go gcloítear leis go héifeachtach.
- Dul i dteagmháil le ranna Rialtais maidir le forbairt reachtaíocht bia sannta de chuid an AE agus caighdeáin idirnáisiúnta bia.

**Ceannaireacht Foirne & Bainistíocht Daoine**

- Ceannaireacht, bainistíocht agus spreagadh a dhéanamh ar an bhfoireann eolaíochta agus teicneolaíochta bia chun clár oibre uaillmhianach a fhorbairt agus a chur i gcrích.
- Timpeallacht oibre chomhoibríoch, chuimsitheach agus chuntasach a chur chun cinn atá ailínithe le luachanna agus caighdeáin cheannaireachta FSAI.

**Measúnú Riosca Eolaíochta & Saineolas Teicniúil**

- Ionadaíocht a dhéanamh thar ceann FSAI agus Éireann ar chúrsaí teicniúla a bhaineann le húdarú, monatóireacht agus bainistíocht fhoriomlán AE ar bhianna núíosacha agus bianna géinmhodhnaithe, agus idirchaidreamh a dhéanamh le lucht déanta beartas de réir mar is gá.
- A chinntiú go bhfuil measúnú riosca agus gníomhaíochtaí aitheantais riosca atá ag teacht chun cinn ag teacht leis an dea-chleachtas agus go mbaintear sármhaitheas eolaíoch amach.

- Tacaíocht theicniúil a sholáthar do Choiste Eolaíochta FSAI, lena n-áirítear rúnaíocht eolaíoch a threorú d'obair fhochoiste ar chúrsaí eolaíochta agus teicneolaíochta bia.

**Monatóireacht, Rialuithe & Bainistíocht Teagmhas**
- Comhairle a chur ar ghníomhaireachtaí oifigiúla maidir le bunús riosca agus comhlíonadh dlíthiúil gníomhaíochtaí rialaithe oifigiúla laistigh de réimsí freagrachta sannta.
- Tacaíocht eolaíoch agus theicniúil a sholáthar le haghaidh teagmhas sábháilteachta bia, imscrúduithe agus bainistíocht géarchéime.

**Taighde agus Oideachas**
- Rannchuidiú le forbairt na heolaíochta in FSAI trí cheannaireacht a dhéanamh ar thionscadail atá ailínithe le Straitéis Eolaíochta FSAI.
- Comhoibriú le hinstitiúidí acadúla chun oideachas san eolaíocht rialála a chur chun cinn agus tionscnaimh taighde a chothú atá dírithe ar bhearnaí sonraí i measúnú riosca sábháilteachta bia a dhúnadh.

## Eolas agus Taithí

**Cáilíochtaí agus Taithí Riachtanacha**
- Céim onóracha agus PhD san eolaíocht bia, sa teicneolaíocht bia, sa cheimic bia nó sa mhicribhitheolaíocht bia, nó sa disciplín gaolmhar inar bhain gné shuntasach den eolaíocht bia nó den teicneolaíocht bia leis an staidéar.
- Seacht mbliana ar a laghad de thaithí iar-dhochtúireachta san eolaíocht bia, sa teicneolaíocht bia agus/nó sa tsábháilteacht bia.

**Eolas agus Scileanna Riachtanacha**
- Cumas léirithe chun foireann a threorú, a fhorbairt agus a spreagadh agus taithí aige/aici ar dhaoine a bhainistiú go héifeachtach agus go héifeachtúil.
- Tuiscint ar an tionscal bia agus ar nuálaíocht sa tionscal bia.
- Cumas eolaíocht a chur i láthair agus a chur in iúl go soiléir do lucht féachana eolaíoch agus tuata.
- Taithí fhairsing ar shonraí agus ar fhoilseacháin eolaíocha a bhailiú, a achoimriú, a anailísiú agus a mheas go criticiúil.
- Dea-theist maidir le hailt a foilsíodh in irisí piarmheasúnaithe agus/nó i dtuarascálacha saineolaithe agus i litríocht 'liath' ghaolmhar.
- An cumas comhoibriú agus teagmháil a dhéanamh le páirtithe leasmhara iolracha, lena n-áirítear ollscoileanna, custaiméirí inmheánacha, an tionscal bia, gníomhaireachtaí rialtais, agus tomhaltóirí.
- Scileanna láidre i mbainistíocht tionscadal, lena n-áirítear a bheith in ann tionscadal éagsúla a bhainistiú ag an am céanna agus a bheith in ann smaoineamh go cruthaitheach ar réimse leathan saincheisteanna.
- Cumas oibriú faoi bhrú, spriocdhátaí a chomhlíonadh agus breithiúnas fónta a léiriú.
- Litearthacht láidir ríomhaireachta agus scileanna anailíseacha sonraí. Is iad Microsoft Windows 11 Enterprise agus Microsoft Office 365, lena n-áirítear MS Teams agus MS Power BI, na bogearraí gnó caighdeánacha san FSAI.

**Eolas buntáisteach, ach ní riachtanach**
- Eolas speisialaithe ar bhianna núíosacha, orgánaigh ghéinmhodhnaithe, ábhair theagmhála bia agus an reachtaíocht bia a bhaineann leo.
- Tuiscint ar bhrath ailléirginí agus measúnú riosca.
- Tuiscint ar chur chuige anailíseach chun barántúlacht bia a bhrath.
- Taithí ar scanadh léaslíne agus tuiscint ar chórais agus cur chuige atá ag teacht chun cinn maidir le rioscaí a aithint.

## Inniúlachtaí Riachtanacha

**Ceannaireacht agus Stiúradh Straitéiseach**

- Glacann ról cinnire ar an bhfoireann, ag socrú caighdeáin arda, ag dul i ngleic le h-aon fhadhb feidhmiúcháin ⁊ ag éascú feidhmiú ar ard-leibhéal
- A réitíonn an bealach le haghaidh malartú tuairimí agus a chothaíonn atmaisféar de chumarsáid oscailte.
- Cuireann sé le straitéis agus beartas FSAI a mhúnlú.
- Déanann forbairt ar chumas is ar ábaltacht san fhoireann ar fad trí tharmligean éifeachtach
- Forbraíonn cultúr foghlama ⁊ forbartha, ag tabhairt oiliúint dóibh siúd a bhfuil sí uathu agus aiseolas atá tairbheach agus tacúil
- Glacann sé/sí an príomhról maidir le hathrú agus leasú suntasach a ullmhú agus a chur i bhfeidhm
- Bíonn ag súil le agus tugann freagra go pras ar athruithe san earnáil nó sa timpeallacht níos leithne
- Glacann tús áite ag déanamh comhobair le Ranna, Eagraíochtaí agus Gníomhaireachtaí eile

**Breithiúnas agus Cinnteoireacht**

- Aithníonn agus díríonn ar shaincheisteanna nuair atá eolas/cásanna casta idir lámha aige/aici
- Bailíonn sé/sí fíricí le chéile, in ann eolas ó bhéal agus uimhriúil a ionramháil agus déanann sé/sí ceisteanna a chíoradh go loighciúil
- In ann na naisc idir saincheisteanna a aithint agus tuiscint a fháil go tapa ar na himpleachtaí ardleibhéil agus sochpholaitúla a bheidh leo.
- Aithníonn réitigh chomhtháite ar shaincheisteanna casta agus is féidir leis smaoineamh as an nua.
- Déanann cinntí go tráthúil agus bíonn an misneach aige/aici iad a chur i gcrích.
- in ann cinntí fónta agus eolacha a dhéanamh, agus tuiscint aige/aici ar a dtionchair agus na himpleachtaí a mbainfidh leo.
- Déanann gach iarracht fadhbanna earnála, grúpaí polaitiúla, agus an tionchar a bheidh ar shaoránaigh a chuir i gcomhréir i ngach cinneadh a dhéantar.

**Bainistíocht agus Baint Amach Torthaí**

- Tionscnaíonn agus glacann freagracht phearsanta as torthaí/seirbhísí a sholáthar ina réimse féin
- Cuireann straitéis agus mionsonraí gníomhaíochta i gcomhréir lena chéile le dul i ngleic le riachtanais gnólachtaí
- Déanann bainistiú ar chláir agus tascanna éagsúla agus bogann acmhainní de réir mar is cuí le dul i ngleic le athruithe san fhócas
- Baineann an leas is fearr as acmhainní agus cuireann bearta feidhmiúcháin i bhfeidhm le spriocanna a bhaint amach.
- Cinntíonn go n-úsáidfear an TFC is fearr agus múnlaí seachadta nua.
- Déanann athbhreithniú go criticiúil ar thionscadail agus ar ghníomhaíochtaí le cinntiú de go bhfuil siad éifeachtach agus go bhfreastalaíonn siad ar riachtanais na hEagraíochta
- Cothaíonn sé/sí tábhacht éifeachtúlachtaí, luach ar airgead, agus ag freastal ar riachtanais rialála chorparáideacha
- Déanann cinnte de go bhfuil an foireann dírithe agus go ngníomhaíonn siad ar tosaíochtaí na bpleananna gnó, fiú agus iad faoi bhrú

**Caidrimh a Fhorbairt agus Cumarsáid**

- Labhraíonn agus scríobhann sa chaoi go bhfuil siad soiléir, deisbhéalach agus go mbíonn tionchar acu
- Éisteann go gníomhach, ag déanamh iarracht an dearcadh agus an seasamh atá acu siúd thart orthu a thuiscint
- Coimhlintí / easaontais a bhainistiú agus a réiteach ar bhealach dearfach agus fiúntach
- Oibríonn go héifeachtach, ag aithint agus ag bainistiú teannas a eascraíonn ó pheirspictíochtaí geallsealbhóirí éagsúla.
- Áitíonn sé/sí ar dhaoine eile; forbraíonn siad comhthoil, agus gnóthaíonn siad comhoibriú ó dhaoine eile le heolas a fháil agus spriocanna a bhaint amach

- Déanann cumarsáid go gníomhach le comhghleacaithe ar gach leibhéal den eagraíocht agus i Ranna/Eagraíochtaí eile agus forbraíonn líonraí láidir proifisiúnta
- Cuireann tuairimí in iúl nuair is ceart é sin a dhéanamh.

**Eolas Speisialaithe, Saineolas agus Féinfhorbairt**

- Forbraíonn agus coinníonn scileanna agus saineolas i roinnt réimsí atá ábhartha dá réimse agus a aithníonn piaraí go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta.
- Coinníonn sé/sí suas chun dáta le forbairtí tábhachtacha ranna, earnálacha, náisiúnta agus idirnáisiúnta san earnáil bia, lena n-áirítear treochtaí polaitiúla agus sóisialta a mbíonn tionchar acu ar an ról.
- Coinníonn béim láidir ar fhéinfhorbairt agus ar bharr feabhais eolaíochta a bhaint amach ag lorg aiseolais agus deiseanna fáis.

**Treallús agus Tiomantas do Luachanna na Seirbhíse Poiblí**

- Déanann sé/sí a dhícheall/dícheall chun feidhmiú ar ardleibhéal
- Léiríonn tiomantas pearsanta don ról, trí dhúthracht agus dianseasmhacht a léiriú go seasta fad is a choinníonn sé/sí dearcadh stuama tomhaiste i leith fadhbanna oibre
- Cuireann sé go dearfach leis an gclár oibre corparáideach.
- Tá sé/sí iontaofa, macánta agus measúil go pearsanta, ag comhlíonadh gealltanais agus tiomantais.
- Cinntíonn sé go bhfuil sláinte an phobail i gcroílár gach oibre.
- Tá seasmhach, ag coinneáil socair fiú i gcásanna diúltacha nó dúshlánacha.
- Cothaíonn sé/sí na caighdeáin is airde eitice agus macántachta

*D'fhéadfadh an sainchuntas poist seo athrú ó am go chéile, ar aon dul le riachtanais oibre FSAI.*

**COMHIONANNAS, ÉAGSÚLACHT AGUS CUIMSIÚ**
**Éagsúlacht, Cothromas, Cuimsiú agus Muintearas**

Tá an FSAI tiomanta do bheartas um Chomhdheiseanna. Is í fís an FSAI bheith chun tosaigh sa chomhionannas, san Éagsúlacht, Cothromas, Cuimsiú agus Muintearas (DEIB) in earnáil phoiblí na hÉireann. Tá an FSAI agus a fhoireann tiomanta don mhéid seo a leanas:

- Caitheamh go cothrom agus go measúil le gach duine
- Bheith cothrom agus cóir trí oibriú chun lucht saothair éagsúil a mhealladh agus a fhorbairt agus a chinntiú go mothóidh daoine go bhfuil meas orthu ina n-ionad oibre.
- A bheith cuimsitheach agus dearcthaí iomadúla a cuardach agus foghlaim uathu.

**STRAITÉIS AGUS LUACHANNA AN FSAI**
Leagtar amach i straitéis reatha ÚSBÉ ár bhfís, ár gcuspóir, ár luachanna, ár spriocanna straitéiseacha agus ár gcuspóirí don tréimhse 2025 - 2029.

**Ár bhFís**
Bia sábháilte agus iontaofa do chách.

**Ár gCuspóir**
Mar rialtóir neamhspleách na hÉireann agus mar an t-údarás inniúil lárnach chun reachtaíocht sábháilteachta bia a fhorfheidhmiú, cosnóimid sláinte agus leasanna tomhaltóirí trí:
- Chultúr sábháilteachta bia a thógáil
- Shábháilteacht bia a fheabhsú laistigh de chreat anailíse riosca
- Chóras láidir rialaithe sábháilteachta bia a threorú
- Leanúint ar aghaidh ag cur sármhaitheasa eagraíochta chun cinn.

**Ár Luachanna**
- Forbraímid agus spreagaimid daoine chun eagraíocht níos fearr a thógáil trí **obair foirne**
- Gníomhaímid le **hionracas** agus táimid macánta, oscailte agus neamhspleách i ngach rud a dhéanaimid
- Táimid **paiseanta** faoi chosaint tomhaltóirí
- Gníomhaímid le **meas** agus freagracht phearsanta a ghlacadh
- Aithnímid agus is mór againn **comhoibriú** lenár gcomhpháirtithe
- Táimid **trédhearcach** agus oscailte, agus déanaimid cumarsáid go soiléir

Is féidir tuilleadh eolais a fháil ag https://www.fsai.ie/strategy/

**<u>Incháilitheacht chun páirt a ghlacadh agus srianta áirithe ar incháilitheacht</u>**

**Náisiúnaigh an Limistéir Eorpaigh Eacnamaíoch**

Ba cheart d'iarrthóirí a thabhairt faoi deara go bhfuil incháilitheacht chun páirt a ghlacadh oscailte do shaoránaigh an Limistéir Eorpaigh Eacnamaíoch (LEE). Cuimsítear sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch Ballstáit an Aontais Eorpaigh mar aon leis an Íoslainn, Lichtinstéin agus an Iorua. Féadfaidh saoránaigh na hEilvéise faoi chomhaontuithe AE iarratas a dhéanamh freisin. **Chun cáiliú ní mór d'iarrthóirí a bheith ina saoránaigh den LEE faoi dháta aon tairisceana poist.**

**Riachtanais Saoránachta**

Ní mór d'iarrthóirí incháilithe:

(a) A bheith ina s(h)aoránach de chuid an Limistéir Eorpaigh Eacnamaíoch (LEE). Is éard atá i gceist leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch Ballstáit an Aontais Eorpaigh, an Íoslainn, Lichtinstéin agus an Iorua; nó

(b) A bheith ina s(h)aoránach de chuid na Ríochta Aontaithe; nó

(c) A bheith ina s(h)aoránach de chuid na hEilvéise de bhun an chomhaontaithe idir an AE agus an Eilvéis ar shaorghluaiseacht daoine; nó

(d) A bheith ina s(h)aoránach neamh-LEE a bhfuil cead stampa 4, stampa uimhir1 nó cead Stampa 5 acu.

**Le bheith incháilithe, ní mór d'iarrthóirí ceann de na critéir shaoránachta thuasluaite a chomhlíonadh faoi dháta aon tairisceana poist.**

**Comhaontú Comhchoiteann: Íocaíochtaí Iomarcaíochta le Seirbhísigh Phoiblí**

Tugadh isteach leis an litir ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe dar dáta an 28 Meitheamh 2012 chuig Oifigigh Phearsanra, le héifeacht ón 1 Meitheamh 2012, Comhaontú Comhchoiteann ar thángthas air idir an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus Coiste Seirbhísí Poiblí an ICTU maidir le hÍocaíochtaí Iomarcaíochta ex-gratia le Seirbhísigh Phoiblí. Tá sé mar choinníoll leis an gComhaontú Comhchoiteann nach mbeidh daoine a bhaineann leas as an gcomhaontú incháilithe lena n-athfhostú sa tSeirbhís Phoiblí ag aon chomhlacht Seirbhíse Poiblí (mar a shainítear sna hAchtanna um Bearta Airgeadais Éigeandála ar Mhaithe le Leas an Phobail 2009 – 2011) ar feadh tréimhse 2 bhliain ó fhoirceannadh na fostaíochta. Beidh ar dhaoine a bhain leas as an scéim sin agus a bhféadfadh éirí leo sa chomórtas seo a n-incháilitheacht a chruthú (dul in éag na tréimhse neamh-incháilitheachta)

**Scéim Dreasachta Luathscoir (ISER)**

Is coinníoll é leis an Scéim Dreasachta Luathscoir (ISER) mar atá leagtha amach in Imlitir12/09 na Roinne Airgeadais nach bhfuil pinsinéirí, faoin Scéim sin, incháilithe chun iarratas a dhéanamh ar phost eile san fhostaíocht chéanna nó san earnáil chéanna. Dá bhrí sin, ní fhéadfaidh na pinsinéirí sin cur isteach ar an bpost seo.

**Imlitir na Roinne Sláinte agus Leanaí (7/2010)**

Tugadh isteach le hImlitir 7/2010 na Roinne Sláinte dar dáta an 1 Samhain 2010 Scéim Spriocdhírithe um Luathscor Deonach (VER) agus Scéimeanna Iomarcaíochta Deonaí (VRS). Is coinníoll é leis an scéim VER nach mbeidh daoine a bhaineann leas as an scéim incháilithe lena n-athfhostú san earnáil sláinte poiblí nó sa tSeirbhís Phoiblí i gcoitinne nó i gcomhlacht atá maoinithe go hiomlán nó go príomha le hairgead poiblí. Tá feidhm ag an toirmeasc céanna maidir le hathfhostú faoin VRS, ach amháin go maireann an toirmeasc ar feadh tréimhse 7 mbliana. Níl daoine a bhain leas as an scéim VER incháilithe chun páirt a ghlacadh sa chomórtas seo. Daoine a bhain leas as an scéim VRS agus a bhféadfadh éirí leo sa chomórtas seo, beidh orthu a n-incháilitheacht a chruthú (dul in éag na tréimhse neamh-incháilitheachta).

**An Roinn Comhshaoil, Pobail & Rialtais Áitiúil (Imlitir LG (P) 06/2013)**
Tugadh isteach le hImlitir LG (P) 06/2013 na Roinne Comhshaoil, Pobail & Rialtais Áitiúil isteach Scéim Iomarcaíochta Deonaí d'Údaráis Áitiúla. De réir théarmaí an *Chomhaontaithe Chomhchoitinn:* Tá *íocaíochtaí Iomarcaíochta le Seirbhísigh Phoiblí* dar dáta an 28 Meitheamh 2012 mar atá sonraithe thuas, ina choinníoll sonrach leis an Scéim VER sin nach mbeidh daoine incháilithe lena n-athfhostú in aon chomhlacht Seirbhíse Poiblí (mar a shainítear sna hAchtanna um Bearta Airgeadais Éigeandála ar Mhaithe le Leas an Phobail 2009 – 2011 agus san Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile) 2012) ar feadh tréimhse 2 bhliain ó dháta a n-imeachta faoin Scéim seo. Tá feidhm ag na coinníollacha sin freisin i gcás rannpháirtíochta/fostaíochta ar bhonn conartha le haghaidh seirbhíse (mar chonraitheoir nó mar fhostaí de chuid conraitheora).

**Dearbhú**
Ceanglófar ar iarratasóirí a dhearbhú ar bhain siad leas as scéim dreasachtaí luathscoir de chuid na Seirbhíse Poiblí. Ceanglófar ar iarratasóirí freisin aon teidlíochtaí i leith sochar pinsin Seirbhíse Poiblí (atá á íoc nó á choimeád) ó aon fhostaíocht Seirbhíse Poiblí eile a dhearbhú agus/nó i gcás ina bhfuil íocaíocht in ionad faighte acu i leith seirbhíse in aon fhostaíocht sa tSeirbhís Phoiblí.

# Príomh-Choinníollacha Seirbhíse

**Suíomh**

Tá samhail oibre hibridí i bhfeidhm le suíomh na hoifige atá lonnaithe in An Malartán, Duga Sheoirse, IFSC, D01 P2V6, Baile Átha Cliath 1.

**Promhadh**
Baineann tréimhse phromhaidh 12 mhí leis an bpost seo.

**Pá**
*De réir bheartas pá reatha an Rialtais, beidh an pá tosaigh don staid seo ag an íosphointe den scála pá don suíomh (an chéad phointe ar scála). Más státseirbhíseach nó státseirbhíseach ar seirbhís thú faoi láthair, d'fhéadfadh do phointe iontrála chuig an scála pá a bheith níos airde bunaithe ar do thuarastal reatha.*

Is é seo a leanas an scála tuarastail don phost seo: €113,366 - €116,201 - €119,035

Tabhair faoi deara le do thoil go bhféadfaí an ráta luach saothair a choigeartú ó am go chéile de réir bheartas pá an Rialtais.

**Asbhaintí**
Beidh seirbhísigh phoiblí inphinsin (daoine nua a bheidh ag teacht isteach) a earcófar an 1 Eanáir 2013 nó ina dhiaidh sin ina mbaill den Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair. Baineann an Scéim Pinsin Seirbhíse Poiblí Aonair le gach iontrálaí céaduaire inphinsin sa tseirbhís phoiblí, chomh maith le hiarfhostaithe sa tseirbhís phoiblí a bheidh ag filleadh ar an tseirbhís phoiblí i ndiaidh sos níos faide ná 26 seachtain. I gcúinsí áirithe, e.g. i gcás ina raibh an seirbhíseach poiblí ar iasacht nó ar saoire cheadaithe nó má bhíonn sé nó sí ar an gconradh fostaíochta céanna i gcónaí, ní bheidh feidhm ag an riail 26 seachtaine. Is é an tAcht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012 an reachtaíocht lena dtugtar éifeacht don Scéim.

Maidir leis na daoine nach bhfuil faoi réir na Scéime Pinsin Seirbhíse Poiblí Aonair (e.g. iad siúd a aistríonn ó fhostaíocht seirbhíse poiblí eile i gcás ina bhfuil an sos seirbhíse, más ann dó, níos lú ná 26 seachtain), beidh feidhm ag téarmaí Scéim Aoisliúntais Foirne Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann.

**Asbhaint a Bhaineann le Pinsean**
Tá an ceapachán seo faoi réir na hasbhainte a bhaineann le pinsin de réir an Achta um Beart Éigeandála Airgeadais ar mhaithe le Leas an Phobail, 2009.

**Saoire Bhliantúil**
Is é 30 lá an tsaoire bhliantúil

# Nós Imeachta um Roghnúchán

### Conas Iarratas a Dhéanamh

Ní mór foirm iarratais chomhlánaithe a uaslódáil ar líne tráth nach déanaí ná an **Meán oíche, Dé Domhnach, 21 Nollaig 2025.**

Más mian leat an fhoirm iarratais a chomhlánú i nGaeilge, déan teagmháil le recruitment@fsai.ie

### Próiseas Roghnúcháin

Tionólfaidh Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann painéal roghnúcháin chun céimeanna iomaíocha an phróisis roghnúcháin a chur i gcrích de réir na gcaighdeán is airde um dhea-chleachtas. D'fhéadfadh go mbeadh an méid seo a leanas i gceist leis an gcur chuige a úsáidfear:

- Iarrthóirí a chur ar an ngearrliostú ar bhonn na faisnéise a bheidh san fhoirm iarratais chun liosta na n-iarrthóirí a laghdú go dtí líon níos soláimhsithe le haghaidh agallaimh
- Réamhagallamh a bhféadfadh cleachtadh nó measúnú scríofa a bheith i gceist leis
- Agallamh iomaíoch deiridh a bhféadfadh cur i láthair a bheith i gceist leis freisin
- Aon tástálacha nó cleachtaí eile a mheastar a bheith cuí

### Nóta:

Is gnách go mbíonn líon na n-iarratas a fhaightear le haghaidh poist níos mó ná an líon is gá chun folúntais reatha agus folúntais amach anseo a líonadh. Cé go bhféadfadh iarrthóir ceanglais incháilitheachta an chomórtais a chomhlíonadh, má tá líon na n-iarrthóirí chomh mór sin nach mbeadh sé praiticiúil agallamh a chur ar gach duine, féadfaidh FSAI a chinneadh go dtabharfar cuireadh do líon níos lú chuig an gcéad chéim eile den phróiseas roghnúcháin. Ní ceart tuiscint as seo gur measadh nár oir na hiarrthóirí eile don phost nó nach raibh siad in ann tabhairt faoi, ach amháin go gcuireann a n-iarratais an chuma ar iarrthóirí áirithe go bhfuil siad níos cáilithe agus/nó go bhfuil taithí níos ábhartha acu.

### Dáta d'Agallaimh

Tá sé de dhualgas ar gach iarratasóir a chuirfear ar an ngearrliosta le haghaidh agallaimh a chinntiú go mbeidh siad ar fáil le haghaidh agallaimh ar an dáta a thabharfar. Ní féidir a dhéanamh i gcónaí amanna agus dátaí eile a eagrú.

### Ceisteanna

Seol ríomhphost chuig recruitment@fsai.ie le haon cheisteanna.

# Eolas Ginearálta

### Costais as an Agallamh

Ní bheidh Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann freagrach as aon chostais, lena n-áirítear costais taistil, a d'fhéadfadh iarratasóirí a thabhú maidir lena n-iarratas ar an bpost seo.

### Oibleagáidí Iarrthóirí

Ba chóir d'iarrthóirí a thabhairt faoi deara go ndícháileofar iad má dhéantar stocaireacht agus go ndéanfar iad a eisiamh ón bpróiseas dá bharr sin.

Ní mór nach ndéanfaidh na hiarrthóirí aon cheann díobh seo a leanas:

- Faisnéis bhréagach a sholáthar go feasach nó go rabairneach
- Stocaireacht a dhéanamh le haon duine le mealltaí nó gan mhealltaí
- Aithris a dhéanamh ar iarrthóir ag aon chéim den phróiseas
- Cur isteach ar an bpróiseas nó é a chur i mbaol ar bhealach ar bith

I gcás ina bhfaightear go bhfuil iarrthóir ciontach as stocaireacht nó sárú ar aon cheann díobh sin thuas, déanfar an méid seo a leanas:

- I gcás nár ceapadh é nó í don phost, dícháileofar é nó mar iarrthóir; nó
- I gcás inar ceapadh é nó í sa phost, forghéillfidh sé nó sí an ceapachán sin

**Iarrthóireacht a bheith Aistarraingthe á Meas**

Maidir le hiarrthóirí nach bhfreastalóidh ar agallamh an tráth agus an áit a n-iarrfaidh Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann, nó nach soláthróidh, nuair a iarrfar orthu, cibé fianaise a éileoidh Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann maidir le haon ábhar a bhaineann lena n-iarrthóireacht, ní bheidh éileamh acu a thuilleadh go mbreithneofar iad.

**An Tábhacht a bhaineann le Rúndacht**

Ba mhaith linn a dhearbhú d'iarratasóirí gurb í an phríomhthosaíocht atá againn rúndacht a chosaint. Is féidir le hiarratasóirí a bheith ag súil, agus dearbhaímid, go ndéileálfar le gach fiosrúchán, iarratas agus gach gné de na himeachtaí a mhéid a bhainistíonn Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann iad go hiomlán faoi rún agus nach nochtfar iad d'aon duine, lasmuigh díobh siúd a bhfuil baint dhíreach acu leis an ngné sin den phróiseas. Ba chóir d'iarratasóirí a thabhairt faoi deara go gcuirfear gach ábhar iarratais ar fáil d'Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann.

# Cosaint Sonraí agus an Próiseas Earcaíochta

**Rúndacht**

Caithfear le rúndacht na n-iarrthóirí le meas ag gach céim den phróiseas earcaíochta. Stórálfaidh an FSAI an fhaisnéis phearsanta ar fad a chuirfear ar fáil ar na doiciméid iarratais go slán agus úsáidfear í chun d'iarrthóireacht a phróiseáil amháin.

**Comhlíonadh dlíthiúil**

Tá an FSAI tiomanta don reachtaíocht ábhartha uile a chomhlíonadh le linn an fheachtais earcaíochta seo. Áirítear leis sin, ach níl sé teoranta dóibh, na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta 1998-2015, an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS), an tAcht um Chosaint Sonraí 2018 agus an tAcht um Shaoráil Faisnéise 2014.

**Sonraí pearsanta a chosaint**

Bailítear agus próiseáiltear sonraí pearsanta mar chuid den phróiseas earcaíochta. Leagtar amach sa roinn seo an fhaisnéis ábhartha faoi na ceannteidil seo a leanas:

1. Na sonraí pearsanta a bailíodh
2. Bunús dleathach chun sonraí pearsanta a phróiseáil
3. Conas a d'fhéadfaí do chuid faisnéise a roinnt
4. Cé chomh fada is féidir do chuid faisnéise a stóráil
5. Do chearta um chosaint sonraí

**1. Na sonraí pearsanta a bailíodh**

Bailíonn an FSAI sonraí pearsanta ó iarrthóirí ionchasacha mar chuid den phróiseas earcaíochta. Agus a oibleagáidí maidir le cosaint sonraí á gcomhlíonadh aige, tá an FSAI tiomanta do bheith cuntasach agus trédhearcach faoin dóigh a mbailíonn agus a bpróiseálann sé an fhaisnéis sin.

Sainítear 'sonraí pearsanta' sa Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS) mar fhaisnéis a bhaineann le duine beo aitheanta nó inaitheanta. Sainítear leis cineálacha 'sonraí pearsanta' amhail ainm, seoladh, dáta breithe, etc. Leagtar amach sa RGCS freisin 'catagóirí speisialta sonraí pearsanta' maidir le faisnéis níos íogaire lena n-áirítear, mar shampla, sonraí a bhaineann le sláinte.

**2. Bunús dleathach chun sonraí pearsanta a phróiseáil**

Próiseálann an FSAI na sonraí pearsanta a sholáthróidh tú i do dhoiciméid iarratais le linn an phróisis earcaíochta ar bhonn dleathach 'toiliú'. Teastaíonn do thoiliú chun aon sonraí pearsanta a sholáthrófar san iarratas a phróiseáil ar mhaithe le hiarratas a chur ar aghaidh tríd an bpróiseas earcaíochta.

*Conarthach*

I gcás iarrthóir a n-éireoidh leis nó léi, féadfaidh sonraí pearsanta a sholáthrófar le linn an phróisis earcaíochta a bheith mar bhonn don chonradh fostaíochta.

*Oibleagáid dhlíthiúil*

Próiseáiltear sonraí pearsanta na n-iarrthóirí ionchasacha agus na bhfostaithe reatha (lánaimseartha, páirtaimseartha, ar conradh agus gníomhaireacht) ar an mbonn go bhfuil siad riachtanach chun go gcomhlíonfaidh an FSAI an reachtaíocht (e.g., reachtaíocht fostaíochta).

**3. Conas a d'fhéadfaí do chuid faisnéise a roinnt**

Féadfar d'eolas a roinnt le páirtithe eile mar chuid den phróiseas earcaíochta. Nuair a dhéanfar é sin, roinnfear faisnéis de réir riachtanas agus faoi rún.

**4. Cé chomh fada is féidir do chuid faisnéise a stóráil**

Tá Beartas um Choinneáil Sonraí ag an FSAI a bhaineann leis an bhfaisnéis go léir a stórálann sé. Tugtar an beartas sin cothrom le dáta ar bhonn leanúnach chun coinneáil suas leis na hathruithe reachtaíochta ábhartha go léir.

*Iarrthóirí nár éirigh leo*

Maidir leis na daoine sin nár éirigh leo sa phróiseas earcaíochta, coinneoidh an FSAI an fhaisnéis ar fad a soláthraíodh don FSAI ar feadh tréimhse nach faide ná 12 mhí. Ag deireadh na tréimhse sin, nó má tharraingíonn tú do thoiliú siar, scriosfar do chuid faisnéise ar bhealach slán.

*Iarrthóirí ar éirigh leo*

Maidir leis na daoine sin ar éirigh leo sa phróiseas earcaíochta, cuirfidh an FSAI an fhaisnéis ar fad a soláthraíodh don FSAI ar do chomhad fostaí. Coinneofar é le linn do chuid fostaíochta leis an eagraíocht agus ar feadh tréimhse chuí ina dhiaidh sin. Ag deireadh na tréimhse sin, nó má tharraingíonn tú do thoiliú siar, scriosfar do chuid faisnéise ar bhealach slán.

**5. Do chearta um chosaint sonraí**

Tá cearta agat maidir leis na sonraí pearsanta a bhailíonn, a phróiseálann agus a stórálann an FSAI. Tá tuilleadh faisnéise ar fáil ar ár suíomh gréasáin faoin gceannteideal 'Iarratais ar Chosaint Sonraí agus Rochtain'. Leagtar amach sa roinn sin cad iad do chearta um chosaint sonraí agus conas Iarratas Rochtana ar Ábhar Sonraí a dhéanamh chuig an FSAI.

**Tuilleadh Faisnéise**

Má tá aon cheist agat nó más mian leat Iarratas Rochtana ar Ábhar Sonraí a dhéanamh, féadfaidh tú teagmháil a dhéanamh leis an Oifigeach Cosanta Sonraí (OCS) ag an FSAI. Is iad seo a leanas na sonraí teagmhála:

| | |
|---|---|
| Sa phost | An Oifigeach Cosanta Sonraí<br>Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann<br>An Malartán<br>Duga Sheoirse<br>IFSC<br>D01 P2V6 |
| Tríd an ríomhphost | DPO@fsai.ie |